**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra*

**2022/2008(INI)**

20.6.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

maidir le cur chun feidhme na Straitéise Nua Tionsclaíochta Nuashonraithe don Eoraip: ag ailíniú caiteachas le beartas
(2022/2008(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Maria da Graça Carvalho

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

***Straitéis nua tionsclaíochta i ré hiar-Covid***

1. á mheabhrú gur tugadh an Straitéis Thionsclaíoch nua cothrom le dáta chun na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a léiriú agus chun borradh a chur faoi théarnamh an mhargaidh aonair, agus go mbeidh an straitéis sin ríthábhachtach chun feabhas a chur ar iomaíochas an Aontais, chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur i gcrích agus chun a áirithiú gur fearr an cumas a bheidh sa mhargadh aonar chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna sa todhchaí; á mheabhrú go bhfuil córas rialachais láidir agus córas faireachais margaidh digitithe láidir bunriachtanach chun an margadh aonair a athsheoladh agus a fheidhmiú cuí agus a dhoimhniú a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún díriú ar a áirithiú go gcuideoidh an straitéis tionsclaíochta le deireadh a chur le bacainní ar an margadh aonair agus le tuilleadh ilroinnte agus cineálacha cur chuige náisiúnta éagsúla a sheachaint, agus ag an am céanna an gá ata le cosaint tomhaltóirí a neartú a chur san áireamh á mheabhrú a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le hiomarca maorlathas agus le costais iomarcacha do FBManna agus micrifhiontair a oibríonn sa mhargadh aonair;

2. ag cur béim ar an ngá atá ann príomhbheartais an Aontais a bhreithniú ar bhealach iomlánaíoch laistigh den straitéis tionsclaíochta, ar cheart go mbeadh sé d’aidhm leis na hionstraimí éagsúla a ailíniú agus a chomhtháthú go hiomlán le tionscnaimh atá ann cheana; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór don straitéis tionsclaíochta a bheith comhleanúnach agus iomaíochas na tionsclaíochta a chosaint agus a chothú i ngach réimse den bheartas Eorpach, agus go n-áiritheofaí cosaint tomhaltóirí agus dul chun cinn i dtreo cuspóirí comhshaoil freisin; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé ceannaireacht na hEorpa in earnálacha straitéiseacha a a chothabháil agus a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe do na hearnálacha sin a fuarthas go raibh siad riachtanach le linn phaindéim COVID 19; á chur i bhfáth nach mór do bheartas tionsclaíoch na hEorpa a bheith chun tairbhe na mBallstát uile; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé idirphlé oscailte a choinneáil leis na hearnálacha tionsclaíochta agus na geallsealbhóirí ábhartha uile;

3. ag méabhrú na srianta neamhchomhordaithe a chur isteach go mór ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le linn na paindéime agus a chuir isteach go mór ar shlabhraí soláthair i go leor eiceachórais thionsclaíocha, go háirithe sna hearnálacha bia agus cógaisíochta; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur gá míchothromaíochtaí i slabhra soláthair bia na hEorpa a chosc agus slándáil bia a áirithiú, agus teacht aniar maidir le táirgeadh cógaisíochta agus leighis a ráthú; á mhéabhrú chomh maith go raibh deacrachtaí d’oibrithe trasteorann nó séasúracha mar thoradh ar rialuithe teorann agus ar iaimh agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá gluaiseacht shaor ó bhacainní; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an gcur isteach a bhaineann leis an bpaindéim ar shlabhraí luacha trasteorann mar nach mór foráil a

dhéanamh sa straitéis tionsclaíochta do chomhlánú slabhraí breisluacha i dtionscail áirithe chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte AE a chur chun cinn;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fhoilsigh an Coimisiún straitéis an Aontais Eorpaigh um theicstílí inbhuanaithe agus ciorclacha; á mhéabhrú go bhfuil téarnamh mall ón turnamh le linn na paindéime roimh an tionscal teicstíle, agus é buailte chomh maith ag athlonnú ollmhór suíomhanna táirgthe i dtriú tíortha; á chur i bhfios go láidir gur gá díriú ar FBManna mar na príomhghníomhaithe san earnáil;

*Straitéis tionsclaíochta agus staid na hÚcráine*

5. á thabhairt chun suntais go gcuireann cogadh neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine leis an bpráinn chun bonn eacnamaíoch níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos urrúnta a fhorbairt san AE agus an margadh aonair a chomhlánú i bpríomhearnálacha tionsclaíochta agus straitéiseacha; á chur i bhfios go láidir, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé soláthairtí a éagsúlú agus ró-spleáchas i réimsí amhail fuinneamh, amhábhair agus soláthairtí criticiúla a chosc mar go bhféadfadh leochaileachtaí a bheith mar thoradh air a ndéanfadh cumas gníomhú an Aontais a laghdú; cuireann sí béim ar an ngá atá le cur chuige Eorpach comhordaithe i réimsí an táirgthe fuinnimh agus an bhonneagair iompair (TEN-T) agus éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn ag an am céanna chun an straitéis tionsclaíochta a neartú;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh agus dreasachtaí á gcruthú aige chun tacú le hearnálacha tionsclaíochta straitéiseacha agus a slabhraí soláthair, amhail bia, táirgí cógaisíochta agus eile, a bhfuil aghaidh á thabhairt acu ar mhéadú mór sna costais fuinnimh, iompair agus amábhar mar gheall ar an gcogadh san Úcráin; á iarraidh ar an gCoimisiún, go háirithe, straitéis a chur chun feidhme maidir le hamábhair agus acmhainní criticiúla atá ag teastáil do na heochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin; digitiú agus an t-aistriú glas; ag tacú, chomh maith leis sin, le spriocbhearta díolúine do chustaiméirí agus do chuideachtaí leochaileacha sa chomhthéacs tionsclaíoch, go háirithe FBManna agus micrifhiontair leochaileacha, chun na tionchair eacnamaíocha agus shóisialta is measa atá ag praghsanna arda fuinnimh a mhaolú;

*Neamhspleáchas straitéiseach oscailte a fheabhsú*

7. á athdhearbhú gur gá neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa a fheabhsú trí aghaidh a thabhairt ar shuaithí agus ar leochaileachtaí slabhraí soláthair agus a n-athléimneacht a áirithiú agus trí infheistíocht a dhéanamh i scileanna, i gcáilíochtaí gairmiúla, sa chibearshlándáil, i mbonneagar digiteacha, sa gheilleagar sonraí agus i bpríomhtheicneolaíochtaí amhail an intleacht shaorga, cibearshlándáil, 5G agus 6G, micreaphróiseálaithe agus leathsheoltóirí, ceallraí, táirgeadh 3D ríomhaireacht ardfheidhmíochta agus teicneolaíochtaí candamacha; ag cur béim ar an bpráinn atá ann teicneolaíochtaí ceannródaíocha nuálacha a mhéadú ar ar fud an Aontais, go háirithe do thionscail chriticiúla atá dian ar fhuinneamh, agus d'fhonn lúba carbóin a dhúnadh ar fud slabhraí luacha de thionscail atá dian ar fhuinneamh trí acmhainí a athúsáid agus a athchúrsáil; á thabhairt da haire gur gá an úsáid is mó is féidir a bhaint as an intleacht shaorga ar bhealach freagrach; á thabhairt chun suntais nach mór do cheantair thuaithe,

iargúlta agus is forimeallaí tairbhe a bhaint as na hinfheistíochtaí sin;

8. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infhaighteacht sonraí a fheabhsú, agus urraim á tabhairt do rialacha cosanta sonraí, agus á mholadh go mbeadh margadh aonar do shonraí chun tacú le forbairt tionscail an Aontais, chun nuálaíocht a chothú agus chun an margadh aonair digiteach ina iomláine a neartú; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur faoi dhul chun cinn na dtionscnamh uile a bhaineann le sonraí, ag cur feabhais ar chomhroinnt agus ar mhalartú sonraí, ag tacú le forbairt spásanna coiteanna sonraí Eorpacha agus cruthú bonneagair chomhroinnte Eorpaigh a chruthú; á chreidiúint gur cheart don Aontas Eorpach comhar éifeachtach a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun caighdeáin dhigiteacha chomhoiriúnacha a bhaint amach;

***An t-aistriú glas agus digiteach***

9. á mhéabhrú nach mór dlús a chur leis na haistrithe glasa agus digiteacha ar fud AE chun neamhspleáchas straitéiseach oscailte a bhaint amach; ag cur béim ar an mbearna infheistíochta ollmhór sna tionscail teicneolaíochta trína gcumasaítear aistriú glas agus digiteach ár sochaí agus á athdhearbhú gur gá tuilleadh infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí digiteacha agus glasa; á iarraidh ar an gCoimisiún, agus ar na Ballstáit, tacaíocht iomlán a thabhairt don chur chuige cothrománach sin, chun a áirithiú go mbeidh an Eoraip ina ceannaire domhanda i gcónaí maidir le teicneolaíochtaí cumasúcháin ríthábhachtacha;

10. á mhéabrú nach féidir an Comhaontú Glas a bhaint amach ach amháin le méadú i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le bearta éifeachtúlachta fuinnimh, a mbeidh laghduithe ar thomhailt fuinnimh phríomhúil mar thoradh air, agus a bhaineann le rochtain leordhóthanach ar fhuinneamh glan atá inacmhainne, slán agus éagsúlaithe a áirithiú chun aistriú glas thionscal na hEorpa agus a iomaíochas domhanda a chur ar aghaidh; ina theannta sin, cuireann sí fáilte roimh sheoladh thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua i gcomhthéacs na straitéise tionsclaíochta chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus a fhorbairt, go háirithe maidir leis na hearnálacha ailtireachta, tógála agus tithíochta, agus ag díriú ag an am céanna ar phleanáil agus ar fhorbairt cathrach inbhuanaithe agus cuimsiú shaoránaigh uile na hEorpa a áirithiú;

11. á thabhairt chun suntais gur cheart aghaidh a thabhairt sa straitéis tionsclaíochta ar na príomhchonstaicí ar fhorbairt níos tapúla ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh agus tomhaltas inbhuanaithe a mhéadú, inter alia trí bhealaí a aimsiú chun FBManna agus táirgeoirí fuinnimh a nascadh ar bhealach níos fearr sa chóras; á thabhairt chun suntais go bhfuil faisnéis comhshaoil iontaofa agus infhíoraithe, chomh maith le faisnéis maidir le hinmharthanacht agus indeisitheacht táirgí, ríthábhachtach chun patrún tomhaltais a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta;

***An margadh inmheánach a neartú***

12. á iarraidh go ndéanfaí an straitéis don mhargadh aonair a sheoladh an athuair chun níos mó tairbhe a bhaint as na mórdheiseanna atá ann don mhargadh aonair trí chur chuige rialála a dhíbhloghadh, trí reachtaíocht chomhréireach a ghlacadh, trí údaráis riaracháin phoiblí a nuachóiriú agus ualaí maorlathacha a mhaolú do ghnólachtaí, trí bhacainní atá ann cheana ar infheistíocht a shárú chun costais chomhlíonta rialála a laghdú, trí

iomaíocht a spreagadh, trí taobhú le nuálaíocht faoi stiúir an mhargaidh agus AE a chur chun cinn mar cheannaire domhanda i gcosaint tomhaltóirí; á chur i bhfáth go bhfuil iomaíochas tionsclaíoch an Aontais ag brath ar mhargadh aonair lánfheidhmithe agus athléimneach a théann chun tairbhe do na Ballstáit uile agus dá saoránaigh, go háirithe trí dhíriú ar chearta tomhaltóirí, chomh maith leis na riachtanais atá ag gnólachtaí, lena n-áirítear FBManna, micrifhiontair agus gnólachtaí nuathionscanta;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhar a fheabhsú eatarthu féin agus le hoibreoirí eacnamaíocha agus teicneolaíochta nua a úsáid chun bacainní rialála agus neamh-rialála gan údar agus ualaí riaracháin sa mhargadh aonair a bhaint, lena n-áirítear i seirbhísí; ag cur béim ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an margadh aonair a chomhlánú, agus aird á tabhairt go háirithe ar mheastacháin arna ndéanamh ag an gCoimisiún go bhféadfadh tuilleadh feabhsuithe sa mhargadh aonair do tháirgí tionsclaíocha idir EUR 183 billiún agus EUR 269 billiún sa bhliain a ghiniúint, agus d’fhéadfadh brabúis de EUR 297 billiún sa bhliain a bhaint amach as comhtháthú breise ar mhargaí seirbhísí, a mhéadódh é sin amháin na tairbhí eacnamaíocha ó 8-9 % go dtí thart ar 12 % de mhéadú ar an OTI[1];

14. á iarraidh ar an gCoimisiún Ionstraim Éigeandála uaillmhianach don Mhargadh Aonair lena bhfeabhsófaí athléimneacht agus lena n-áiritheofaí margadh aonair dea-fheidhmiúil i dtréimhsí géarchéimeanna agus ag an am céanna bearta láidre maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fhorbairt gan an bonn a bhaint d’iarrachtaí chun deireadh a chur le bacainní gan údar sa mhargadh aonair; á iarraidh ar an gCoimisiún, chomh maith leis sin, feabhas a chur ar éifeachtacht uirlisí rialachais atá ann cheana;

15. á mheabhrú, sa bhreis ar na héiceachórais ingearacha, go bhfuil gá le cineálacha cur chuige cothrománacha, amhail maidir le teicneolaíochtaí cumasúcháin, agus nach mór an t-éiceachóras digiteach a chomhtháthú leis na héiceachórais thionsclaíocha eile ar fad go cothrománach; á mhéabhrú gurb é éiceachóras na turasóireachta is measa a bhí buailte le linn na paindéime, agus go bhfuil téarnamh mall roimh roinnt éiceachóras eile chomh maith, amhail an tionscal teicstíle agus an tionscal cultúir agus cruthaitheachta, idir an dá linn tháinig méadú ar láimhdeachas an éiceachórais dhigitigh le linn na géarchéime; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá an Fóram Tionsclaíoch a bunaíodh leis an straitéis tionsclaíochta agus ag tabhairt dá haire as na cúig thascfhórsa a cruthaíodh, go bhfuil ceann amháin a bhaineann go díreach leis an margadh aonair agus déanann sé anailís ar ghnéithe cothrománacha an mhargaidh aonair agus ar bhacainní gan údar a bhaint, agus díríonn ceann eile go sonrach ar ardmhonaraíocht mar chumasóir cothrománach do réimse leathan éiceachóras;

16 ag leagan béim ar an ngá atá ann an tionscal cluichíochta a chur san áireamh sa straitéis tionsclaíochta mar cheann de na tionscail leis an gcumas forbartha is airde, á mhéabhrú nach gníomhaithe Eorpacha iad an chuid is mó táirgeoirí agus forbróirí cluichí; á iarraidh go mbeadh bealaí follasacha ann ar ar an leibhéal Eorpach chun an tionscal a chumasú dul chun cinn a dhéanamh agus le bheith ina cheannaire san earnáil;

***Caighdeánú a chur chun cinn***

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Márta 2022 dar teideal ‘I dtreo geilleagar glas, digiteach agus athléimneach: ár Múnla Eorpach Fáis’ (COM(2022)0083).

17. ag aithint na straitéise Eorpaí um chaighdeánú agus ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh caighdeáin chomhchuibhithe mar aon le nuálaíocht leas eacnamaíoch, sochaíoch, comshaoil a mhéadú, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí agus oibrithe; á mheas go bhfuil caighdeáin a fheidhmíonn go maith riachtanach, dá bhrí sin do mhargadh aonair dea-fheidhmiúil, do shábháilteact táirgí, d'iomaíochas domhanda agus na haistrithe glasa agus digiteacha agus do chosaint tomhaltóirí; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tredhearcacht agus cuimsitheacht agus iomarca maorlathas sa chaighdeánú a sheachaint; á mheas gur cheart go mbeadh sé d'aidhm leis an straitéis um chaighdeánú cabhrú le hathúsáid ábhair agus le hathchúrsáil a fheabhsú agus glacadh acmhainní tánaisteacha a chothú;

18. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach go leanann an straitéis um chaighdeánú leis na saineolaithe is fearr a mhealladh agus ag moladh cur chuige níos comhordaithe i dtéarmaí caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos, agus go bpléifear agus go gcomhaontófar cuspóirí straitéiseacha le rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí ábhartha uile lena mbaineann;

19. á iarraidh go mbeadh tograí uaillmhianacha ón gCoimisiún maidir leis an t-athchóiriú custaim atá le teacht, lena n-áirítear maidir le Cód Custaim an Aontais; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanann rialú custaim ar fud an Aontais na caighdeáin chéanna a leanúint; á iarraidh go ndéanfaí athchóiriú a áirithíonn trádáil oscailte, chothrom agus inbhuanaithe agus a thugann cosaint don tomhaltóir; á iarraidh ar an gCoimisiún an Tuarascáil ó Ghrúpa na Saoithe maidir le hAthchóiriú Aontas Custaim AE[2] a chur san áireamh;

***Soláthar poiblí agus iomaíochas FBManna***

20. ag leagan béim ar an ngá atá ann iomaíochas FBManna, micrifhiontair agus tionscail a neartú trí aghaidh a thabhairt ar rioscaí soláthair, ar spleáchais, ar shuaitheadh agus ar leochaileachtaí, go háirithe sna geilleagair ghlasa agus dhigiteacha; á chur i bhfios go láidir gur féidir ról tábhachtach a bheith ag creat soláthair phoiblí éifeachtach, oscailte, cothrom agus comhair mar aon le hinfheistíocht poiblí chun tacú le poist, le fás inbhuanaithe, le hiomaíochas, le hinfheistíochtaí nuálacha agus chun tomhaltas inbhuanaithe agus glacadh táirgí inbhuanaithe a chothú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de bheith ag obair ar reachtaíocht soláthair phoiblí an Aontais a chur chun feidhme go cuí lena léirítear tosca eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, chun margadh aonair dea-fheidhmiúil comhchuibhithe a chruthú; á mheabhrú a thábhachtaí atá treoir an Choimisiúin maidir le soláthar poiblí glas, rud a chabhróidh le hiarrachtaí an Aontais chun bheith ina gheilleagair atá tíosach ar acmhainní agus a chabhróidh le héileamh a spreagadh d'earraí agus do sheirbhísí atá níos inbhuanaithe agus ag an am céanna éicea-nuálaíocht a chothú;

21. á mheabhrú a thábhachtaí atá na treoirlínte arna bhforbairt ag an gCoimisiún a thugann tásca praiticiúla faoin mbealach gur cheart do na Ballstáit spriocanna feidhmíochta agus critéir cháilíochta, amhail an Tairisicint is Buntáistí go hEacnamaíoch (MEAT) a chur isteach sna conarthaí arna ndámhachtain trí sholáthar poiblí agus an bealach chun roinnt

[2] 'Ag cur níos mó Aontais i gCustaim na hEorpa - Deich dtogra chun Aontas Custaim AE a oiriúnú don Eoraip Gheopholaitiúil. Tuarascáil ó Ghrúpa na Saoithe maidir le hAthchóiriú Aontas Custaim AE', An Bhruiséil, Márta 2022.

monaróirí a tharraingt isteach ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear FBManna agus micrifhiontair; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit seasamh FBManna maidir le rannpháirtíocht i soláthar poiblí a bhreithniú go mion; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá FBManna d'iomaíochas agus do nuálaíocht sa mhargadh inmheánach agus a seasamh mar tháirgeoirí agus freisin mar sholáthraithe seirbhísí tionsclaíocha do mhonaróirí eile; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do FBManna, do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí nuathionscanta trí rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú agus ag cabhrú ag an am céanna le ceannaigh thar barr amach agus táthcheangail cuideachtaí Eorpacha a laghdú, i gcás go gcuireann na ceannaigh thar barr amach agus na táthcheangail sin nuálaíocht na hEorpa i mbaol, agus treoir shoiléir a thabhairt maidir leis an mbealach inar féidir rialacha earnála an Aontais a chomhlíonadh, más ábhartha;

22. á mheabhrú a thábhachtaí atá cleachtais soláthair phoiblí éifeachtacha agus inbhuanaithe, go hairithe i gcomhthéacs éicheachóras na sláinte; ag áitiú ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit i bhforbairt rialacha spriocdhírithe, maidir le comhsholáthar earraí riachtanacha amhail leigheasanna, a mbeidh sé mar aidhm leo inbhuanaitheacht fhadtéarmach, slándáil an tsoláthair, iomaíocht chóir agus infheistíocht i gcumas monaraíochta a áirithiú;

23. á mheabhrú a thábhachtaí atá rialacha iomaíochta oiriúnaithe do dhinimic nua mhargadh AE agus do chomhthéacs domhanda atá ag athrú chun iomaíocht éifeachtach agus chóir sa mhargadh aonair a áirithiú agus chun rogha do thomhaltóirí a fheabhsú;

***Taighde, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí ceannródaíocha***

24. ag meabhrú na ngealltanas chun infheistíochtaí T&F a mhéadú go 3 % den OTI agus chun an Limistéar Eorpach Taighde a neartú chun margadh aonair a fhorbairt le haghaidh taighde agus nuálaíochta; á chur in iúl gur geal léi bunú comhghuaillíochtaí tionsclaíocha in earnálacha éagsúla agus ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil na comhghuaillíochtaí sin mar aon le comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha tábhachtach chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt; á chur i bhfios go láidir go bhfuil fíorghá le hinfheistíocht mhéadaithe i dTaighde agus Forbairt (T&F) má tá AE le bheith iomaíoch i gcónaí; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart d'infheistíocht T&F a bheith dírithe ar na hearnálacha tionsclaíochta go léir, agus ní amháin ar an earnáil monaraíochta, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht níos mó FBManna agus micrifhiontair sa mhargadh T&F a éascú; á iarraidh ar an gCoimisiún trédhearcacht, cuimsitheacht, comhsheasmhacht agus sineirgíocht a áirithiú i ngach tionscnamh, cistiú agus ionstraim rialála a thacaíonn leis an tionsclaíocht, FBManna agus micrifhiontair, go háirithe maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha; á iarraidh ar an gCoimisiún Limistéar Eorpach Nuálaíochta a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm leis go dtiocfaidh táirgí tráchtála chun cinn mar thoradh ar na torthaí eolaíocha, ag tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna agus gnólachtaí a choinneáil laistigh de mhargadh aonair an Aontais;

25. ag cur béim ar an ngá atá ann na tionscnaimh arb é is aidhm dóibh an Limistéar Eorpach Taighde, an Limistéar Eorpach Oideachais agus Éiceachóras Nuálaíochta na hEorpa a neartú, arb é is aidhm dóibh margadh inmheánach na hEorpa atá láidir a fhorbairt le haghaidh taighde agus nuálaíochta;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte soiléire, éifeachtacha, simplí agus cuimsitheacha a bhunú maidir leis na hionstraimí atá ann cheana ar cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí beartais i roinnt earnálacha tionsclaíochta, go háirithe na Tionscadail Thábhachtacha de Leas Coiteann Eorpach, na comhghuaillíochtaí éagsúla (sonraí tionsclaíocha, lainseálaithe spáis, eitlíocht saor ó astaíochtaí, ceallraí, agus eile), an Cuibhreannas Eorpach um Bonneagar Digiteach, agus eile; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé na sineirgí cearta idir na hionstraimí, na cláir agus na cistí éagsúla, ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta go dtí na cistí struchtúrtha, agus á chur i bhfios gur gá iad a chomhtháthú níos fearr leis na gnóthais chomhpháirteacha agus tionscnaimh eile a thagann ó Fhís Eorpach, amhail an Institiúid Eorpach um Theicneolaíocht agus Nuálaíocht agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach;

***Scileanna a neartú***

27. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nithiúla a fhorbairt chun tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna in earnálacha áirithe agus dálaí oibre córa a chur chun cinn freisin; á iarraidh go ndéanfaí síorimeacht daoine le tallann, saineolaithe teicneolaíochta agus fios gnó a athchothromú laistigh den mhargadh aonair agus go bhfeabsófaí cistiú le haghaidh taighde, nuálaíochta agus forbairt theicneolaíoch; á chur i bhfáth, chomh maith leis sin, gur gá do na Ballstáit gníomhú go héifeachtach trína gcreataí náisiúnta chun an Comhaontú um Scileanna agus tionscnaimh eile an Aontais a chur chun feidhme go cuí arb é is aidhm dóibh deiseanna athoiliúna agus uasoiliúna a chruthú don lucht saothair; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé oideachas agus oiliúint a neartú, go háirithe chun na scileanna ata ag teastáil chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha ar an margadh aonair a fhorbairt;

28. ag cur béim ar an ngá atá le hidirphlé buan i measc údaráis agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha chun a áirithiú go bhfuil an lucht saothair níos ullmhaithe le haghaidh na riachtanas tionsclaíoch nua; á mhéabhrú go n-éilíonn aistrithe glasa agus digiteacha na n-earnálacha tionsclaíochta cáilíochtaí gairmiúla gairmithe ardoilte agus oilte a aithint go frithpháirteach;

29. á thabhairt chun suntais go gcuireann an fhadhb maidir leis an easpa ban atá fostaithe san earnáil tionsclaíochta leis an mbearna phá agus phinsin idir na hinscní; á iarraidh go ndéanfaí gníomh i gcomhthéacs na straitéise tionsclaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna idir na hinscní i dtionscail Eorpacha agus an easpa deiseanna do mhná, go háirithe sna réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM); á mhéabhrú, chomh maith leis sin, go bhféadfadh cruthú fostaíochta i dtionscail nua leanúint as digitiú tionscal traidisiúnta, ach d’fhéadfadh sé cur isteach ar phoist atá ann faoi láthair freisin agus d’fhéadfadh dálaí oibre forbhásacha teacht as i gcásanna áirithe; á mhéabhrú go bhfuil gá le gníomh agus le hinfheistíocht airgeadais chuí i leith na ndúshlán sin i gcomhthéacs na straitéise tionsclaíochta.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Andrea Caroppo, Anna Cavazzini, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Maria Grapini, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Arba Kokalari, Marcel Kolaja, Andrey Kovatchev, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Beata Mazurek, Leszek Miller, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Maria da Graça Carvalho, Geoffroy Didier, Malte Gallée, Karen Melchior, Tsvetelina Penkova, Antonio Maria Rinaldi, Marc Tarabella, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, Rosanna Conte, Vlad Gheorghe, Ondřej Kovařík |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Beata Mazurek, Kosma Złotowski |
| PPE | Pablo Arias Echeverría, Andrea Caroppo, Maria da Graça Carvalho, Deirdre Clune, Geoffroy Didier, Krzysztof Hetman, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Marion Walsmann |
| RENEW | Nicola Beer, Dita Charanzová, Vlad Gheorghe, Sandro Gozi, Ondřej Kovařík, Karen Melchior, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Brando Benifei, Maria Grapini, Maria-Manuel Leitão-Marques, Adriana Maldonado López, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, René Repasi, Christel Schaldemose, Marc Tarabella |
| VERTS/ALE | Anna Cavazzini, Malte Gallée, Alexandra Geese, Marcel Kolaja, Kim Van Sparrentak |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ECR | Eugen Jurzyca |
| ID | Alessandra Basso, Marco Campomenosi, Rosanna Conte, Virginie Joron, Antonio Maria Rinaldi |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh